



Central Statistics Office An Phríomh-Oifig Staidrimh

Press Statement Preas Ráiteas

Daonáireamh 2006 – Imleabhar 2 – Aoiseanna agus Stádas Pósta

Coibhneas is airde daoine óga sna bailte i gcrios comaitéara Átha Cliath

Tá an coibhneas is airde daoine óga san aoisghrúpa 0-14 bliana sna bailte i gcrios comaitéara Átha Cliath le Ráth Tó i gCo na Mí ag an leibhéal is airde de 32%. Is i nDomhnach Bat (30.5%) i bhFine Gall, An Chorrchoill (29.3%) i gCo Chill Dara agus i nDún Búinne (29.1%) i gCo na Mí atá na céatadán is airde eile – iad ar fad i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta de 20.4%. Bhí níos lú daoine óga (19.3%) i gcomhréir i gceantair uirbeacha (sin cathracha agus bailte le daonra de 1,500 nó níos mó) i gcomparáid le ceantair tuaithe (22.1%).

Tá an t-eolas seo ar fáil i n*Daonáireamh 2006 Imleabhar 2 – Aoiseanna agus Stádas Pósta*, a thugann tuilleadh mionthorthaí maidir leis an Daonáireamh a tógadh ar an 23 Aibreán 2006. Tugann an tuairisc na figiúirí deireanacha daonra rangaithe de réir aoise, gnéis agus stádas pósta do na ranna tíre sonraithe sa tír. (Féach nóta an eagarthóra).

Céatadán níos airde daoine níos sine i gceantair tuaithe

Daoine atá 65 bliana d'aois agus níos sine iad 11% de dhaonra iomlán an Stáit. Ach, tá céatadán níos airde daoine níos sine i gceantair tuaithe ná i gceantair uirbeacha, 12.2% i gcomparáid le 10.3%.

I mbailte le daonra de 1,500 nó níos mó, tá an céatadán is airde de na daoine atá 65 bliana d'aois agus níos sine (23.2%) i gCaisleán an Riabhaigh, Co Ros Comáin agus ag an taobh eile den scála tá Cionn tSáile-Draighneán i bhFine Gall agus gan ach 1.3% den daonra ansin san aoisghrúpa seo.

Méadú mór i ndaoine san aoisghrúpa 25 go 44 bliana

An aoisghrúpa 25-44 bliana an roinn is tapaidh fáis den daonra agus mhéadaigh sé 17.2% i gceantair uirbeacha agus 8.6% i gceantair tuaithe idir 2002 agus 2006. Is ionann anois é agus 31.7% den daonra iomlán, i gcomparáid le 30.1% sa bhliain 2002. Tá tionchar mór ag an inimirce ghlan ard le blianta anuas ar an méadú mór seo.

Bhí tionchar freisin ag an méadú seo ar an gcóimheas spléachais óig, is é sin an daonra 0-14 bliana curtha in iúl mar chéatadán den daonra in aois oibre (15-64 bliana). Tháinig sé chuig uasphointe ag ós cionn 50% sna 1970aidí ach tá sé imithe i léig ó shoin go dtí íosphointe nua de 29.7% sa bhliain 2006.

Daoine colscartha an rannóg is tapaidh fáis faoin teideal 'stádas pósta'

Mhéadaigh líon na ndaoine colscartha ó 35,100 go 59,500 idir na blianta 2002 agus 2006, sin méadú de 69.8%, a fhágann an rannóg seo mar an ceann is tapaidh fáis faoin teideal 'stádas pósta'. Lean an méadú i líon na ndaoine colscartha, ó bhunús íseal, agus is féidir é a mhíniú tharla gur tháinig an colscaradh i bhfeidhm sa Stát sa bhliain 1997. Méadaigh líon na ndaoine scartha ó 98,800 go 107,300 thar an tréimhse chéanna – suas 8.6%.

Tuilleadh /...

Léiríonn tuairisc na POS freisin go bhfuil an céatadán is airde de dhaoine scartha, 12.9%, i gCathair Luimní. Cuireann an mír seo líon na ndaoine scartha agus colscartha in iúl mar chéatadán de na daoine a phós riamh – san áireamh daoine a bhí ina mbaintreach / baintreach fir ag am an daonáirimh. Lean Baile Átha Cliath (11.6%) Cathair Luimní. Ar an taobh eile den scéal bhí Contae na Gaillimhe leis an ráta scartha ab ísle.

Gaillimh – Cathair na ndaoine singil

Is iad Gaillimh agus Maigh Nuad i gcónaí na háiteanna ina bhfuil an céatadán is mó daoine singil ag cur futhu in Éirinn agus anois tá Cionn tSáile-Draighneán i bhFine Gall ar an liosta céanna leo.

Léiríonn an tuairisc is déanaí don Stát ina iomlán go raibh 43% den daonra san aoisghrúpa 15 bliana agus níos sine singil agus go raibh 46.4% pósta (gan iad siúd a bhí scartha san áireamh). Bhí an 10.6% eile ina mbaintreach nó scartha (colscartha san áireamh).

Ach i gCathair na Gaillimhe agus i Maigh Nuad – dhá áit ina bhfuil ollscoileanna lonnaithe – bhí rannóg na singil i réim. Tá 59.1% de chathair na Gaillimhe singil le 32.4% pósta agus i Maigh Nuad bhí na daoine singil sa thromlach freisin le 56.2% i gcomparáid le 36.9% a bhí pósta. I gCionn tSáile-Draighneán bhí 57.1% singil agus 35.5% pósta.

D'fhás líon na ndaoine singil níos mó ná 138,500 (10.5%) idir na blianta 2002 agus 2006 i gcomparáid le méadú de bheagnach 110,600 (7.6%) i líon na ndaoine pósta.

San iomlán, bhí céatadán níos airde daoine singil i gceantair uirbeacha – 47% i gcomparáid le 42.2% pósta (gan daoine scartha san áireamh). I gceantair tuaithe, bhí 36.7% den daonra 15 bliana d'aois agus níos sine singil agus bhí 53.1% pósta.

Nóta an Eagarthóra

Tá achoimre ag leibhéal Stáit de na sonraí in Imleabhair 1-4, 8, 11 agus 12 de na tuairiscí sonraithe daonáirimh atá le foilsiú sna míonna amach romhainn (féach suíomh idirlín na POS do na dátaí foilseacháin) ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2006 – Príomhthorthaí Déimeagrafacha*, a foilsíodh ar an 29 Márta 2007. Tá figiúirí sonraithe maidir le haois agus stádas pósta ag leibhéal geografach ar fáil san fhoilseachán atá á fhoilsiú inniu, Imleabhar 2.

Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh (021) 453 5011

nó

Oifig Díolta Foilseacháin an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoslódáil freisin ó shuíomh idirlín na POS (féach seoladh thíos).

Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Balheary, Sord, Co. Átha Cliath.

Fiosrúcháin an Daonáirimh (01) 895 1460/61/63/66

Facs: (01) 895 1399

Ríomh-phost: census@csó.ie

Idirlíon: www.csó.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

10 Bealtaine 2007